

Scéim Leabhair Bunscoile in Aisce

<https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/9eac0-sceim-leabhair-bunscoile-in-aisce/>

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí, a chairde,

Mar aitheantas ar an gcostas a bhaineann le leanaí agus daoine óga a ullmhú chun filladh ar an mbunscoil i mí Mheán Fómhair gach bliain d'fhógair an tAire Oideachais Norma Foley T.D. maoiniú chun leabhair scoile in aisce a sholáthar, lena n-áirítear leabhair saothair agus cóipleabhair, ó Mheán Fómhair 2023. Cuirfidh an scéim seo deireadh leis an gcostas ar thuismitheoirí na hacmhainní seo a sholáthar.

Tá maoiniú á chur ar fáil ag an Roinn go díreach do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta chun an scéim a chur i bhfeidhm agus tá na scoileanna freagrach anois as leabhair scoile, leabhair saothair agus cóipleabhair a chur ar fáil do gach páiste agus duine óg ag tús na scoilbhliana.

Beidh úinéireacht ag an scoil ar na leabhair scoile ionas gur féidir leabhair a athúsáid bliain in aghaidh bliana. Tabharfar leabhair scoile ar iasacht do leanaí agus do dhaoine óga don scoilbhliain 2023/24 agus ní mór iad a thabhairt ar ais don scoil ag deireadh na scoilbhliana.

Iarrtar ar thuismitheoirí a chur i gcuimhne dá leanaí aire a thabhairt do na leabhair a thugtar dóibh agus iad a choinneáil go maith i rith na bliana. Níl cead scríobh ar théacsleabhair. B'fhéidir go mbeidh roinnt acmhainní ranga gaolmhara nach gclúdaítear faoin scéim. Cuirfidh an scoil sonraí breise (más ann dóibh) ar fáil do thuismitheoirí amach anseo faoi na nithe a chaithfidh tuismitheoirí a sholáthar don fhilleadh ar an scoil i mí Mheán Fómhair 2023.

Free Primary Schoolbooks Scheme

<https://www.gov.ie/en/publication/933a9-free-primary-schoolbooks-scheme/>

Dear Parents/Guardians,

In recognition of the cost of preparing children and young people for the return to primary school each September Minister for Education Norma Foley T.D. has provided funding to provide free schoolbooks from September 2023. This scheme will eliminate the cost to parents of providing these resources.

Funding has being provided directly to primary schools and special schools by the Department to implement the scheme and schools now have responsibility for providing schoolbooks to all children and young people at the start of the school year.

All schoolbooks will remain the property of the school so that books can be reused in future years. Schoolbooks will be provided on loan to children and young people for the duration of the 2023/24 school year and must be returned to school at the end of the school year.

Parents are requested to remind their children to take care of their books and keep them in good condition during the year. It is not permitted to write on textbooks.

There may be some related classroom resources that are not covered by the scheme. Additional details (if any) on what items parents will need to supply for the return to school in September 2023 will be communicated to parents in due course.